Cora poist ó chomhlachtaí poiblí

1) Cad is cor poist ann?

2) Céard a tharlaíonn sa chás go bhfuil cora poist in úsáid ag comhlachtaí poiblí?

3) Faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla, cad is brí leis na coincheapa “an pobal i gcoitinne” agus “aicme den phobal i gcoitinne”?

1. Cad is cor poist ann?

Is é is brí le cor poist ná faisnéis atá á soláthar, don phobal i gcoitinne nó d'aicme den phobal i gcoitinne, tríd an gcóras poist nó leis an bpost leictreonach.

Is eolas ginearálta é an t-eolas i gcora poist a chuirtear ar fáil don phobal i gcoitinne nó d'aicme den phobal i gcoitinne seachas eolas indibhidiúil, pearsanta. Ar ndóigh, d'fhéadfaí eolas i gcora poist a eisiúint in iliomad formáidí éagsúla, mar shampla litreacha, bileoga, bróisiúir, nuachtlitreacha, srl.
Ar ais

2. Céard a tharlaíonn sa chás go bhfuil cora poist in úsáid ag comhlachtaí poiblí?

Faoi alt 9(3) den Acht, tá dualgas ar chomhlachtaí poiblí a chinntiú go bhfuil aon fhaisnéis i scríbhinn a chuirtear chuig an bpobal i gcoitinne nó chuig aon aicme den phobal i gcoitinne i nGaeilge amháin nó dátheangach.

Ba chóir do chomhlachtaí poiblí na slata tomhais seo a leanas a úsáid agus iad ag iarraidh a mheas an dtagann nó nach dtagann an chumarsáid atá beartaithe faoi scáth alt 9(3) den Acht:

- An comhlacht poiblí faoin Acht atá i mbun na cumarsáide?
- An bhfuil an chumarsáid á déanamh tríd an bpost nó tríd an bpost leictreonach?
- An cumarsáid í a bhfuil sé mar sprioc aici faisnéis a thabhairt?
- An bhfuil an chumarsáid leis an bpobal i gcoitinne nó le haicme den phobal i gcoitinne?

Má shásaíonn an chumarsáid atá beartaithe ag an gcomhlacht poiblí gach ceann de na slata tomhais sin, bheadh an chosúlacht air go gcomhlíonann sí gach critéar lena tabhairt faoi fhorálacha alt 9(3) den Acht agus ba cheart go mbeadh sí á ndéanamh i nGaeilge nó go dátheangach.
Ar ais

3. Faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla, cad is brí leis na coincheapa “an pobal i gcoitinne” agus “aicme den phobal i gcoitinne”?

Ní thugtar aon sainmhíniú faoin Acht ar na coincheapa “an pobal i gcoitinne” agus “aicme den phobal i gcoitinne”. Dá bhrí sin, cuirtear an riail fhorléirithe dhlíthiúil i bhfeidhm agus caitear an comhthéacs iomlán ina bhfuil an fhoclaíocht in úsáid agus gnáthbhrí na bhfocal a thógáil san áireamh.

Tá an chosúlacht air go bhfuil sé soiléir gurb ionann “an pobal i gcoitinne” agus an pobal go ginearálta .i. gach uile áitreabh sa stát. Ar ndóigh, ní bheadh sé indéanta d’Oifig an Choimisinéara Teanga gach uile chás a shamhlú ina bhféadfadh comhlachtaí poiblí cora poist a eisiúint chuig “aicme den phobal i gcoitinne”.

Mar sin féin, d’fhéadfadh sé a bheith cabhrach roinnt samplaí a thabhairt d’aicme den phobal i gcoitinne, mar shampla gach uile phinsinéir, gach uile thuismitheoir singil, gach uile mhac léinn, gach uile dhuine a bhfuil cónaí air i limistéar ar leith. Sa chás go n-eisítear cora poist chuig grúpaí proifisiúnta ar leith (mar shampla gach uile dhochtúir, gach uile dhlíodóir) nó chuig daoine a roghnaigh iad féin a chlárú i mbunachar sonraí eagraíochta faoi leith (mar shampla deontóirí fola), ní áirítear iad seo mar aicmí den phobal i gcoitinne faoin reachtaíocht áirithe seo.
Ar ais